



An Bhruiséil, 6 Feabhra 2026
(OR. en)

5970/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0344 (COD)

CODEC 156
ENV 89
CLIMA 45
AGRI 87
FORETS 15
ENER 46
TRANS 45

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheathlú agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce - Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle

1. An 26 Deireadh Fómhair 2022, chuir an Coimisiún an togra uaidh¹, atá bunaithe ar Airteagal 192(1) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 22 Feabhra 2023².
3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a thabhairt uaidh.

¹ 14265/22 + ADD 1 go 4.

² IO C 146, 27.4.2023, lch. 41.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 24 Aibreán 2024³.
5. An 8 Deireadh Fómhair 2025, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhrechtóirí air maidir leis an Treoir thuasluaite⁴, tar éis plé neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.
6. An 21 Deireadh Fómhair 2025, dhearbhaigh Coiste Parlaimint na hEorpa um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) an comhaontú sealadach. Ina dhiaidh sin, chuir Cathaoirleach an Choiste litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á rá gur cheart do Parlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhorghéar (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air⁵.
7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an seasamh ar an gcéad léamh uithi mar a leagtar amach in 14144/25 agus an ráiteas ar chúiseanna mar a leagtar amach in 14144/25 ADD 1 a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Bhulgáir ag staonadh ón vótáil.
8. Tá na ráitis, atá le cur i miontuairiscí na Comhairle, leagtha amach san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

³ 10562/24.

⁴ 13706/25.

⁵ 14345/25.